

# RÉAMHEOLAIRE PROSPECTUS

## 12/13

# lyit

Institiúid Teicneolaíochta  
Leitir Ceanainn  
Letterkenny Institute  
of Technology

CÉN  
SCÉAL NUA  
AGAINN?

Le blianta beaga anuas bhí LYIT an-ghníomhach maidir le cúrsaí a fhorbairt. Ach beidh sé níos deacra dúinn cúrsaí nua a thabhairt chun cinn amach anseo, mar gheall ar an staid bhuiséadaigh reatha agus na srianta a cuireadh le déanaí ar earcaíocht/fostaíocht san earnáil phoiblí.

Sa leabhrán seo tá an liostáil cúrsaí is déanaí, mar atá i Lúnasa 2011. Tabharfar eolas faoi aon chúrsaí a chuirfear leis (nó a bhainfear uaidh) ar an suíomh gréasáin againn, **www.lyit.ie**. I gcás cúrsaí a líontar tríd an Lár-Oifig Iontrála, tabharfar eolas freisin ar shuíomh gréasáin an CAO, **www.cao.ie**

### CÚRSAÍ CAO

- **BACHELOR OF ARTS IN DESIGN – VISUAL COMMUNICATION** LY408

### CÚRSAÍ BREISE

- **BACHELOR OF ARTS IN HOTEL, RESTAURANT & EVENT MANAGEMENT**
- **BACHELOR OF ARTS IN CULINARY ARTS**
- **BACHELOR OF SCIENCE HONOURS IN HEALTH & SOCIAL STUDIES**

### RIACHTANAIS IONTRÁLA LE HAGHAIDH CÚRSAÍ AR LEIBHÉAL 7

Táimid anois ag lorg 140 pointe mar chuid den bhunriachtanas iontrála le haghaidh cúrsaí ar Leibhéal 7 (iad san le cóid a chríochnaíonn le 7).

### ATHBHREITHNIÚ TRÉIMHSIÚIL CLÁIR

San am i láthair tá gach rannóg san LYIT ag ullmhú do Mheastóireachtaí Tréimhsiúla Cláir (MTC). Tríd an phróisis seo, déantar cúrsaí a athbhreithniú go grinn agus déantar iad a nuashonrú más gá, rud a chiailaíonn go bhféadfadh roinnt athruithe a bheith ar struchtúr, inneachar agus ualú na modúl laistigh de chúrsaí atá ar fáil cheana. Cuireadh an réamheolaire seo chuig na clódóirí sula raibh an próiseas curtha i gcrích ach cuirfear aon athruithe suas ar ár suíomh gréasáin, [www.lyit.ie](http://www.lyit.ie).

# CLÁR

## CONTENTS

### SCÉALTA LYIT

#### EOLAÍOCHT AGUS POLAITÍOCHT AN TUINNÍN | 6

#### EOLAS Á IOMPÚ ISTEACH I BHFIONTAR | 26

### Conas an réamheolaire seo a úsáid

**I gCuid a hAon** den réamheolaire seo LYIT tugtar réamheolas ginearálta faoin choláiste – achoimre ar an suíomh, ar na háiseanna agus ar imeachtaí agus seirbhísí na mac léinn.

**I gCuid a Dó** tá gearrchuntas ar na cúrsaí atá ar fáil uainn. Agus liosta gearr déanta agat de na cúrsaí is mó suim leat, féach na nodanna a thugaimid agus an suíomh gréasáin, [www.lyit.ie](http://www.lyit.ie), chun tuilleadh eolais a fháil. Má tá amhras ort faoi rud ar bith, téigh i gcomhairle le do threoirchomhairleoir nó glaoigh ar LYIT.

Agus an cúrsa nó na cúrsaí is fearr leat roghnaithe agat, léiríonn **Cuid a Trí** mioneolas ar na cleachtais iarratas, maraon le sonraí faoi tháillí, deontais agus scoláireachtaí.

Fite fuaite idir na ranna seo, bainfidh tú sult as na **Scéalta LYIT** againn. Léirítear éagsúlacht an choláiste, áit a dtagann cuid mhór bealaí le chéile, ins na scéalta seo faoi na mic léinn, na céimithe agus na baill foirne.

Tá liosta na gcúrsaí i gceart agus é seo á phriontáil. Mar sin féin, tá gach rannóg san LYIT ag ullmhú san am i láthair do Mheastóireachtaí Tréimhsiúla Cláir (MTC). Sa phróiseas seo déantar athbhreithniú grinn ar chúrsaí agus déantar iad a nuashonrú de réir mar is gá chun a chinntiú go bhfuil siad in oiriúint do riachtanais na mac léinn, na bhfostóirí agus na gcumann gairmiúil. Mar thoradh air seo, d'fhéadfadh roinnt athruithe a bheith ar struchtúr, inneachar agus ualú na modúl laistigh de chúrsaí atá ar fáil cheana. Chomh maith leis sin, bíonn cúrsaí nua á bhforbairt i gcónaí. D'fhéadfaí cúrsaí nua, nó athruithe ar chúrsaí atá ar fáil cheana, a fhaomhadh idir eagrán den réamheolaire.

Sa chás go ndéantar athrú ar bith tar éis don doiciméad seo a phriontáil, idir cúrsaí nua agus athruithe ar chúrsaí atá ar fáil cheana, cuirfean an t-eolas ar an suíomh gréasáin againn, [www.lyit.ie](http://www.lyit.ie). Moltar d'iarrthóirí liostáil agus sonraí na gcúrsaí a athscrúdú ar an suíomh gréasáin, agus aird a thabhairt ar aon athruithe nó nuashonruithe, roimh dóibh iarratas a chomhlánú nó glacadh le tairiscint.

### CUID a hAON | 9

#### Cén fáth a dtiocfá go I.T. Leitir Ceanainn?

#### Why come to LYIT?

Cén fáth a dtiocfá go I.T. Leitir Ceanainn?	9
An Compal & Áiseanna Staidéir	12
Spóirt ag LYIT	15
Saol Mac Léinn	17
Leas Mac Léinn	18
Lóistín	19
An Baile Mór & an Réigiún	20
Léarscáileanna Suímh	21
Córas Iompair	23
Gaeltacht	24

## SCÉALTA LYIT

ÉIRE SAN DÚSHLÁN DOMHANDA  
GNÓ LE LYIT | 34

NA MEÁIN SHÓISIALTA Á SOILSIÚ | 92

AN MOL DO BHIANNA AGUS  
BLASANNA NUA | 122

## CUID a DÓ | 28

Bhfuil an Clár seo  
oiriúnach domsa?

**Choosing your course of study**

Dréimire Deise:	
Léargas ar chonairí forchéimnithe	29
Cúrsaí iontrála CAO	30
Céim 2, 3, 4 agus 5	
Cúrsaí ar leibhéal díriontrála	32
<b>Staidéir Ghnó</b>	36
<b>Dlí &amp; Daonnachtaí</b>	66
<b>Dearadh &amp; Meáin Chruthaitheacha</b>	78
<b>Fáilteachas &amp; Turasóireacht</b>	94
<b>Gastranómachas &amp; Ealaíona Cistineacha</b>	110
<b>Innealtóireacht Shibhialta &amp; Foirgníocht</b>	124
<b>Innealtóireacht Leictreonaice &amp; Meicniúil</b>	138
<b>Ríomhaireacht</b>	152
<b>Altranas &amp; Staidéir Sláinte</b>	180
<b>Eolaíocht</b>	196

## SCÉALTA LYIT

SÚIL AR AN DUAIS | 150

BRAISTINT PHOBAIL A THÓGÁIL | 214

## CUID a TRÍ | 210

Ag Cur d'Iarratas le chéile  
**Making your application**

<b>Táillí</b>	218
<b>Deontais agus Scoláireachtaí</b>	219
Léargas ar chleachtais iontrála	221
<b>Cleachtais Iarratas</b>	222
Iarrthóirí céadbhliana – ceisteanna coitianta	224
Iarrthóirí FETAC	226
Cúrsaí Inghlactha NCVA/FETAC	228
Mic Léinn Lánfhásta	230
Aitheantas Réamhfhoglama (RPL)	232
Carnadh Creidiúna agus Teastasú Ábhar (ACCS)	234
Iarrthóirí ón Ríocht Aontaithe agus Tuaisceart Éireann	235
Iarrthóirí Erasmus	236
Iarrthóirí nach den Aonta Eorpach iad	237
An próiseas tairisceana	238
Iontráil iarchurtha	239
Iarrthóirí ar iontráil ar aghaidh	
Blianta 2, 3, 4 agus 5	240
<b>Déan teagmháil linn</b>	241
<b>Clár Stairiúil na bpointí CAO</b>	242
<b>Innéacs</b>	245



Is eagraíocht í an LYIT atá i bhfách le gluaiseacht ar aghaidh i gcónaí. Tuigeann muid go maith an ról atá againn i dtaca le deiseanna a chur ar fáil do gach uile mac léinn a thagann chun staidéar a dhéanamh inár gcoláiste. Ní mór dúinn a bheith réamhghníomhach i ndáil le forbairt a dhéanamh ar réimse clár a thabharfaidh an deis is fearr duit dul chinn cinn go foirfe ar feadh an chuid eile de do shaol.

Amharctar ar ardoideachas mar bhealach chuig saol níos fearr. Cé go n-aithníonn muid go bhfuil deacrachtaí eacnamaíochta ann i láthair na huairé, tá sé tábhachtach go mbeadh meon dearfach againn agus go mbainfeadh muid sochar as deiseanna de réir mar a nochtann siad. Is cinnte go

## RÉAMHRÁ FOREWORD

LYIT is an organisation that likes to move with the times. We realise our role in providing opportunities for all those who study with us. We have to be proactive in developing a suite of courses that give you the best opportunity to progress through the rest of your life.

Higher education is seen as a passport to a better life. While recognising things are difficult at the moment it is important that we remain positive and that we exploit opportunities that will arise. Higher education provides a passport to navigate difficult waters and at LYIT we will not be found wanting. Our Strategic Plan

gcuireann ardoideachas slí ar fáil chun deacrachtaí a shárú agus anseo san LYIT táimid breá ábalta cás an fhoghlaimeora a riar. Díríonn ár bPlean Straitéiseach, 2007-2013, ar na ceithre théama seo a leanas:

- Teagasc agus Foghlaim
- Eispéireas an Fhoghlaimeora
- Acmhainn na hInstitiúide
- Taighde, Nuáil agus Fiontar

Go simplí, ciallaíonn sé seo go mbeidh timpeallacht foghlama níos bríomhara agus níos spreagúla ar fáil le cur ar do chumas fás agus a theacht chun foirfeachta. Ciallaíonn sé fosta go mbeidh níos mó deiseanna gairme ar fáil chomh maith le struchtúir tacaíochta níos leitheadaí le cuidiú leat do chuid spriocanna a bhaint amach. Tá súil againn go rachaidh an t-eolas a léifidh tú san

fhoilseachán seo i bhfeidhm ort agus go mbeidh cúrsa oiriúnach againn faoi do choinne.

Tá níos mó i gceist le saol coláiste ná bheith ag freastal ar léachtaí. Táimid mórtasach san LYIT as an spiorad pobail atá forbartha ar an champas, cibé i Leitir Ceanainn nó sna Cealla Beaga, spiorad a thugann íomhá ar leith dúinn nach ionann le hinstiúidí eile trú leibhéal.

Mholfaínn duit a bheith rannpháirteach sa spiorad pobail seo agus a bheith linn ar an aistear spreagúil atá sa tsiúl againn don athrath.

Béimid ag súil le fáilte a chur romhat chuig LYIT.

**Paul Hannigan**  
*Uachtarán*



2007-2013, focuses on four strategic themes, namely:

- Teaching and Learning
- The Learner Experience
- Institute Capacity
- Research, Innovation and Enterprise.

Put in plain language, this means a more vibrant and exciting learning environment in which you can grow and excel. It means more career opportunities and expanded support structures to help you achieve your goals. We hope that you will be impressed by what you read in this publication and that we have a course suitable for you.

There is more to college than attending lectures and we at LYIT are proud of the community spirit that has developed on campus whether in Letterkenny or Killybegs that makes us different from other third level institutions.

I encourage you to become a part of this community spirit and to join us on the stimulating journey of change that we've set in motion.

We look forward to welcoming you to LYIT.

**Paul Hannigan**  
*President*

When it came to recording LYIT's first forty years in words, the task seemed to fall quite naturally to Dermot Cavanagh, the retired Head of the Law and Humanities Department.



## 1971–2011, DOCUMENTING FORTY YEARS OF LYIT

**BACK  
TO  
THE REGIONAL**



“Because I could put a little English on a document and shape it into a story, I was always considered a bit of a writer in the college,” he says, tongue firmly in cheek, of his suitability for the job. “The fact that I’d been at LYIT from 1972 to 2008 also meant I knew where the bodies lay – which is to say I knew the culture of the place. This made me the perfect candidate for the job.”

Faced with limited access to archival material and a short timeframe for getting the project finished, Dermot decided the best way to approach the book was to get the people of LYIT to tell their stories directly. “I was anxious that all viewpoints would be

included in the publication,” he says, “from apprentices to members of the board of management.”

He sent eighty people a short brief. “I asked them to tell a story that would encapsulate a particular moment in the history of LYIT, a first or a fundamental change of some sort or another. I told also them humour was allowed but not obligatory.”

The fifty-two responses to the brief span LYIT's trajectory from Regional Technical College to modern-day Institute of Technology. Lecturers recount their first job interviews and first days on the job; clerical staff talk of cadging lifts to work and coping

“In the early days of the college, the biggest transport worry staff and students had was about how to get there, not where to park the car once you did.”



with scant resources; past Principals – as the President was then called – give insight into their tenures at the helm; students describe life and times in the college; administrators detail the addition of new courses and facilities; caretakers and technicians give a brief look behind the scenes of it all.

Dermot has woven these diverse snapshots into a narrative that is informative and engaging, and at times humorous and irreverent. It tells of successes and failures, of cooperation and conflict, of the people and the lives whose paths have crossed at LYIT.

More than just telling the multi-faceted story of LYIT, the resulting publication also reads as an intriguing social history of Letterkenny, Donegal, the Northwest, and the country in general. “Take banking for example,” Dermot says. “Because so few students in the 70s even had a bank account, they received their grant money in cash, in a brown envelope of all things! In the early days, the biggest transport worry staff and students had was about how to get to the college, not where to park the car once they arrived.”

Despite the massive changes that have taken place over the forty-year history of LYIT, Dermot also found some consistent threads weaving their way through the narrative. “I was left with the impression of a real genuine affection for the college,” he says. “For many people, their years at LYIT were some of the most important in their lives. They met lifelong friends and future spouses here, and they look back on their time at LYIT with great fondness.”



## CUID a hAON

Léirítear i dtuarascála OECD go dtuilleann céimithe Árdoideachais níos mó airgid gcaitheamh a saol. Mar sin, roghnaigh LYIT agus cuir tús iontach le do shaol agus le do ghairm. Tairgimid timpeallacht corraitheach spraoiúil a spreagann foghlaim láidir acadúil agus an taithí leathan praiticiúil is mian le fostóirí.

# CÉN FÁTH A DTIOCFÁ GO I.T. LEITIR CEANAINN?

## Why come to LYIT?

### Bí páirteach linn

Coláiste beag atá againn – timpeall 3,000 mac léinn agus foireann 350 – agus tá atmaisféar cairdiúil scaoilte againn sa champas. Is éasca casadh ar dhaoine agus dul i dtaithí ar shaol na mac léinn. Is ón Iarthuaisceart mórchuid na mac léinn againn ach tá daoine as 30 tír anseo, rud a chruthaíonn meascán beo cultúr agus imeachtaí. Tacaíonn an dea-chaidreamh idir lucht foirne agus mic léinn leis an atmaisféar cuimsitheach seo, mar a léiríonn céimithe agus cuairteoirí go minic. Ní bheidh tú choíche ar strae ag LYIT – bí páirteach linn.

## Tugann siad san is fearr eolais orainn an chéad rogha dúinn

Tá 27 scoil darleibhéil i gContae Dhún na nGall agus sé LYIT an chéad rogha mar choláiste ag cuid mhór de na mic léinn iontu. Is mór an chúis mhórtais againn go dtugann siad san is fearr eolais orainn an chéad rogha dúinn. Díobh siúd as Dún na nGall a chuaigh ar ardoideachas in 2009, roghnaigh nach mór 40% teacht chuig LYIT. In 2009 chuaigh suas le 80% de mhic léinn ó Dhún na nGall ar ardoideachas. Is mian linn an figiúr sin a ardú agus an sciar againne a mhéadú chomh maith.

Ar ndóigh tá mic léinn againn as gach contae in Éirinn agus as 30 tír i bhfad i gcéin. Is cúis mhórtais dúinn freisin go dtuigeann siad san cad tá á thairiscint againne agus go bhfuilid sásta an turas fada a dhéanamh chun cúram a dtodhchaí a leagadh orainn.

## Foireann Oilte

Den fhoireann acadúil – timpeall 200 – ag LYIT tá céim PhD faighte nó á críochnú ag nach mór 24%. Tá cáilíochtaí iarchéime sa mhúinteoireacht ardoideachais bainte amach ag cuid mhór dár bhfoireann, agus tá post speisialta múinteoireachta agus foghlama againn. Spreagann sé seo uile foghlaim láidir acadúil. Cinntimid freisin go dtugann na cúrsaí againne an taithí leathan praiticiúil is meas le fostóirí.

## Áitiúil agus Cairdiúil le Blas Idirnáisiúnta

Coláiste beag é LYIT – timpeall 3,000 mac léinn agus foireann 350.

Tagann cuid mhór de na mic léinn againn as Dún na nGall agus an t-iarthuaisceart, ach tá mic léinn againn freisin as gach áit in Éirinn agus mic léinn idirnáisiúnta as breis agus 30 tír éagsúil. Tá cuid mhór mac léinn lánfhásta ag LYIT freisin. Dá thoradh san tá meascán beo ann – idir aoiseanna, cultúir agus imeachtaí. Is éasca casadh ar dhaoine agus dul i dtraithí ar shaol na mac léinn. Tacaíonn an dea-chaidreamh idir lucht foirne agus mic léinn leis an atmaisféar scaoilte cuimsitheach atá le sonrú sa champas, mar a luann céimithe agus cuairteoirí go minic. Ní bheidh tú choíche ar strae ag LYIT – is dream cairdiúil sinn agus is mian linn bheith páirteach leat.



## Cúrsaí atá Spreagúil agus Éagsúil

Tá rogha leathan cúrsaí againn do mhic léinn thar réimse ábhar: innealtóireacht, eolaíocht, ríomhaireacht, altranas, sláinte & staidéir shóisialta, dearadh, gnó, turasóireacht, dlí agus daonnachtaí. Maireann cúrsaí ó 1 – 4 bliana agus bronntar gradaim atá aitheanta ar chreatlach náisiúnta cáilíochtaí. Ina measc seo tá gradaim ó Leibhéal 6 (Ardteastas) suas go Leibhéal 10 (PhD). Cláraíonn mórchuid de na mic léinn againn i dtús báire le haghaidh cúrsa 3 bliana a

thuilleann Céim Bhaitisiléara (Leibhéal 7). Tá gach cúrsa dírithe ar dheiseanna oibre ar leith agus ceanglaítear an teoiric acadúil le scileanna praiticiúla a fhorbairt. Tá ceangail láidir againn le scoileanna agus le fostóirí, a chinntíonn go bhfuil na cúrsaí seo spreagúil do na mic léinn agus bainteach le margaí reatha oibre. Filleann an chuid is mó de na mic léinn a bhaineann céim Leibhéal 7 amach don bliain d'fhonn céim le honóracha a fháil. Le blianta beaga anuas, tá níos mó dár gcuid céimithe ag dul ar aghaidh le staidéir iarchéime, anseo ag LYIT nó i gcoláistí eile, chun Céim Mháistir nó Dochtúra a bhaint amach.

## Tig leat seiceáil amach am ar bith ach ní fhágann tú choíche

Mar chéimí LYIT ní ligfear thú i ndearmad choíche. Beidh tú mar chuid den chlann mhór againn atá de shíor ag leathnú. Bímid i gcaidreamh le chéile chun gréasán láidir cumarsáide a chothú. Is ambasadóirí ar fud an domhain iad na céimithe againne; cuireann siad an institiúid againn chun cinn agus cabhraíonn siad leis na mic léinn atá againn faoi láthair deiseanna spreagúla staidéir agus oibre a aimsiú. Chun clárú sa chumann alumni, seol ríomhphost chuig an oifigeach alumni, [john.elliott@lyit.ie](mailto:john.elliott@lyit.ie).



# AN COMPAL & ÁISEANNA STAIDÉIR

## CAMPUS & FACILITIES

### Campas

Tá an t-ádh linn campas úr nua-aoiseach a bheith againn ar shuíomh fíorlárnach. Is lú ná 15 mbliana d'aois iad 75% dár gcuid áiseanna agus rinneadh uasghrádú ar mhórchuid eile le linn an tréimhse céanna. Is den scoth iad na foirgnimh agus an trealamh againn. Is de chaighdeán fíorard an dearadh agus an chothabháil. Dá thoradh san is láthair thaitneamhach staidéir í LYIT.

Tá mórán seomraí múinteoireachta a dearadh agus a feistíodh le haghaidh gnóthaí ar leith. Mar shampla, tá seomraí scileanna cliniciúla ar chomhdhearadh ospidéil, stiúideonna deartha agus cluasamhairc, saotharlanna colaíochta, innealtóireachta, ríomhaireachta agus teanga. Ionu seo uile tá gach áis atá uait go leibhéal na céime. Ins na láithreacha ginearálta múinteoireachta, na léachtlanna agus sa leabharlann tá trealamh agus áiseanna teilgthe cluasamhairc den scoth. Chinntíomar go bhfuil flúirse áiseanna rochtana do mhic léinn atá faoi mhíchumas.

Dóibh siúd gur mian leo deiseanna iarchéime a leanúint, cuireadh áiseanna taighde ar fáil le déanaí agus is dóichí go gcuirfear breis leo amach anseo.

Lasmuigh de na láithreacha múinteoir-eachta tá áiseanna eile a bheidh úsáideach duit – áiteanna cruinnithe, láithreacha léirithe, spás scíthe, seomraí caidrimh agus réimse bialanna éagsúla. Tá áiteanna freisin chun dul i dteagmháil le réimse leathan seirbhísí do mhic léinn – leigheas, comhairliúcháin, deiseanna oibre, aonad tacaíochta foghlama, etc.

Ar na háiseanna eile tá brainse bainc le ATM, aireagal, siopa, maraon le láithreacha díolacháin, cóipeála agus poist.

Tá na háiseanna spóirt sa champas ar fheabhas – páirc uile-aimsire faoi shoilsí, halla ollmhór le suíocháin inardaithe agus trealamh spóirt den uile shórt, maraon le falla dreapála. Tá giomnásiam mór aerach uileghléasta, seomraí gléasta, fuaráin, etc. Tar chugainn ar an Lá Oscailte agus feicfidh tú féin.



## An Leabharlann

Foirgneamh nua-aoiseach, geal aerach ar dhá urláir is ea an leabharlann againn. Tá réimse leathan leabhar, irisí speisialta agus acmhainní leictreonacha ann mar thaca do riachtanais foghlama agus taighde na foirne agus na mic léinn. Tá Treoir Leabharlainne ar fáil ag an deasc eolais mar chabhair duit an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní seo. Cuirtear inntreorach leabharlainne ar fáil sa chéad bhliain agus bíonn foireann oilte na leabharlainne réidh i gcónaí cabhrú leat na hacmhainní atá uait a aimsiú. Tá spásanna aonair staidéir le haghaidh 400 mac léinn, cuid mhór acu le ríomhairí. Is i láithreacha oscailte atá formhór na mbinsí staidéir seo, agus bítear ag súil le staidéar faoi thost iontu. Ach tá seomraí ann freisin inar féidir le mic léinn oibriú le chéile ar thionscnaimh ghruipa.

## Leabhar

Clárú leictreonach atá i bhfeidhm ar an 60,000 leabhar. Tá cianrochtain ar an chlár seo agus is féidir leabhar a chuardach faoi ábhar, scríbhneoir, teideal, etc. Is féidir leat freisin a fheiceáil an bhfuil leabhar ar iasacht nó ar fáil, agus é a chur in áirithe. Tá forbairt agus feabhsú ar an stoc leabhar ar bun i gcónaí. Baineann cuid mhór de na leabhair leis na cúrsaí acadúla, ach tá ranna fairsinge ag plé le himeachtaí cultúrtha, an Ghaeilge, stair, spórt agus litríocht in iliomad teanga (aistriúcháin san áireamh). Tá roinn tagartha fairsing ann freisin, ina bhfuil ciclipéidí, foclóirí, lámhleabhair, tuarascála, tráchtas, miontráchtas, páipéir chomhdhála, foilseacháin oifigiúla, etc.

## Acmhainní Leictreonacha Taighde

Le haghaidh taighde, tá líonra 96 PC agus iMac ilmheán, maraon le scanóirí, printéirí agus fótachóipirí ar fáil do lucht úsáidte na leabharlainne. Tá teacht ar bhunachair ina bhfuil téacs iomlán altanna as irisí speisialta acadúla. Is féidir na bunachair seo a rochtain ar nó as láthair an choláiste.

Cuirtear seisiúin scileanna eolais ar fáil do ghrúpaí ranga, mar chabhair do mhic léinn an leas is fearr a bhaint as na háiseanna taighde bunaithe ar ríomhairí.

## Irisí/Nuachtáin

Tá teacht ar bhailiúchán fairsing de irisí pháipéir. Tá liosta de na hirisí seo ar fáil sa chlár leabharlainne. Déantar an bailiúchán irisí a athbhreithniú agus a thabhairt suas chun dáta go minic d'fhonn freastal ar riachtanais na mic léinn.

Tá teacht freisin ar nuachtáin ó Éirinn, ón Bhreatain agus ón Eoraip maraon le nuachtáin áitiúla Dhún na nGall. Tá siad seo úsáideach le haghaidh fógraí oibre agus ranna speisialta.

## Bailiúcháin Speisialta

Tá bailiúcháin speisialta againn, ar a n-áirítear:

- Tuarascála dlí siar go 1558.
- Reachta dlí agus Achta.
- Bailiúchán Eolaíochta Bia Guinness (bronnantas ó Leabharlann Guinness i mBaile Átha Cliath).
- Tuarascála Rialtais, Comhshaoil, Gnó agus Comhlachta.
- Bailiúchán Gaeilge bunaithe ar Ghaeltacht Dhún na nGall.

## Iasachtaí Idir Leabharlanna

Muna bhfuil an leabhar atá uait againn, is féidir linn é a fháil duit ó leabharlanna eile. Is féidir teacht orthu seo sa Chlár Leabharlainne. Bíonn toradh ar 95% de na hiarratais chuig Leabharlann na Breataine. Seirbhís saor in aisce do mhic léinn í seo, faoi theorainn áirithe.



## Áiseanna Ríomhaireachta

Ní hamháin leis na mic léinn atá i mbun cúrsaí ríomhaireachta a bhaineann áiseanna ríomhaireachta, ach le mic léinn uile an choláiste. Gléas riachtanach é an ríomhaire i ngach réimse staidéir agus san uile phost teicniúil ins an aois seo; is bunriachtanas é sa láthair oibre bheith ábalta ríomhaire a úsáid. Is aidhm do LYIT seirbhísí a sholáthar a chuirfidh le do chumas ríomhaireachta, pé cúrsa a leanann tú.

Ní ghlactar leis go bhfuil aon réamheolas ar ríomhairí agat ná níl gá lena leithéid. Tugaimid buneolas ar ríomhairí a úsáid agus eolas ar na seirbhísí agus áiseanna againn do na mic léinn nua uile. Cabhbróidh sé seo leat sa bhfoghlaim; beidh ar do chumas eolas a chuardach agus a fháil ó choláistí agus ollscoileanna eile ar fud an domhain agus dul

i dteagmháil le daoine eile pé áit a bhfuil siad. Sé an t-eolas eochair na foghlama. I dteannta a chéile, cuireann an leabharlann agus na háiseanna ríomhaireachta ar chumas na mac léinn teacht ar eolas ón leabharlann againne, ó choláistí eile ar fud na tíre agus, go deimhin, ar fud an domhain.

Ar champas Leitir Ceanainn, tá thart ar 730 ríomhaire, in 28 saotharlann speisialta, ar fáil do na mic léinn.

Sa roinn Deartha tá 140 ríomhaire Apple in 12 stiúideonna speisialta. Sa leabharlann tá láthair speisialta le 96 ríomhaire, le haghaidh obair ríomhaireachta agus obair cluasamhairc.

Ar champas na Cealla Beaga, tá 55 ríomhaire i 3 shaotharlann speisialta. I leabharlann na Cealla Beaga tá 16 ríomhaire i láthair speisialta.

Tá seirbhís iomlán WiFi ar fáil ar an dá champas mar thaca dóibh siúd le ríomhairí glúine.

Is den scoth an trealamh atá in úsáid ag na mic léinn agus tá an líonra againn orthu san is mó dul chun cinn sa tír, le tacú iomlán físe agus ilmheán. Tá réimse leathan feidhmphacáistí agus gléasanna ríomhchláraithe ar fáil.



# SPÓIRT AG LYIT

## Sport at LYIT

Ritheann Helen Kennedy agus a foireann ar leith an t-ionad spóirt. Cinntíonn siad san go bhfuil fáilte ins na sáráiseanna agus imeachtaí spóirt roimh mhic léinn den uile chumas, bíodh suim acu i gcaitheamh aimsire sláintiúil nó san oiliúint iomaíoch agus sa bhforbairt phearsanta.

Sé Patsy McGonagle a stiúirann an clár spóirt againn; fear é atá thar a bheith díograiseach faoi spóirt agus a chruthú sin aige. Bhí sé mar bhainisteoir foirne ag Athletics Ireland ag Cluichí Oilimpeacha 2000 i Sydney agus arís ag Cluichí Oilimpeacha 2008 i Beijing.

Déanann Helen agus Patsy deimhin de go bhfreastalaíonn na háiseanna agus imeachtaí spóirt ar mhic léinn den uile chumas ar gach leibhéal, agus go dtacaítear réimse leathan imeachtaí spóirt.

Ar na háiseanna áirítear:

- Páirc peile ar champas, faoi shoilse, agus láthair traenála laistigh.
- Ionad spóirt ilfheidhmeach, a osclaíodh in 2004, leis an trealamh is déanaí, ar a n-áirítear halla mór le suíocháin, falla dreapála, fuaráin, seomraí gléasta agus halla bia.
- Láthair folláine coirp den scoth le foireann lánoilte, a sholáthraíonn oiliúint phearsanta agus ranganna mar Spin-Fit, Aeróbaic Céime, Pilates, Boxercise, Rince agus Cleachtadh Cuarda.
- Eagraítear comhairle faoi shláinte agus folláine, cúrsaí caitheamh aimsire agus spóirt chathaoir rothaí maraon le cluichí idir baill foirne agus mic léinn, comórtais idir-ollscoile agus imeachtaí pobail.
- Tá Scoláireachtaí Spóirt ar fáil chun cumas spóirt a chothú agus a aithint. Má's mac léinn cláraithe tú le cumas láidir spóirt, is féidir leat cur isteach ar scoláireacht tríd an oifigeach spóirt ar champas.



## Cuid de na gradaim spóirt againn in 2010/11

- **Cispheil:** Fir – Buaiteoirí Chorn Príomhshraithe Uladh & Buaiteoirí Sraithe.  
Mná – Corn Sraithchomórtais Dhúin na nGall/Iomaitheoirí sa Chluiche Ceannais Sraithe/Cluiche Leathceannais do Chorn na gColáistí Náisiúnta.
- **Sacar:** Fir – iomaitheoirí sa chluiche cheannais, Sraith Náisiúnta na gColáistí FAI 2011.  
Mná – Buaiteoirí Sraithchomórtais Sinsir Uladh 2011.
- **Dornálaíocht:** Ghlac scata mac léinn páirt sa Chraobh Dornálaíochta Idir-Ollscoile 2011 agus d'éirigh leo duaiseanna a bhaint amach.
- **Lúthchleasa:** Bhí cuid de na mic léinn rannpháirteach i gcomórtais lúthchleasaíochta ag leibhéal réigiúnach/náisiúnta agus idirnáisiúnta. Rinne roinnt de na baill ionadaíocht do Chumann Lúthchleasaíochta Ollscoileanna na hÉireann.
- **Liathróid Láimhe:** Bhain scata mac léinn duaiseanna ag Craobh Liathróid Láimhe na n-Ollscoileanna 2011.

- **Rugbaí:** Tá forbairt mhaith leanúnach ag teacht air agus bíonn roinnt de na mic léinn san iomaíocht i gcluichí idirchúigí ag leibhéal aoise faoi 21 bliain.
- **CLG (Peil Ghaelach/Iomáin):** Bhí na grúpaí go léir díograiseach agus rathúil ina gcuid comórtais. D'éirigh le foireann na mBan fáil chomh fada le cluiche ceannais na nOllscoileanna Náisiúnta. Lena chois sin, bunaíodh Acadamh CLG i gcomhar le Bord Dhúin na nGall agus Comhairle Uladh. D'imir roinnt mac léinn, idir fhir is mhná, i gcluichí sinsir do chontaetha éagsúla.
- **Rothaíocht:** Ag éirí níos láidre i gcónaí mar chaitheamh aimsire.
- **Canúáil:** Tá an cumann bríomhar seo bunaithe le mórán blianta agus bítear ag iomaíocht i gcomórtais na n-ollscoileanna náisiúnta.

## Seirbhísí


**Cúrsa Caitheamh Aimsire:** ranganna mar spin fit, oiriúnú coirp, aerobaic céime, pilates, boxercise, rince agus cleachtadh cuarda agus tuilleadh, gach seachtain.

**Imeachtaí coirp:** is mór an sult iad – ‘try-a-triathlon’, ‘strictly come exercising’, comórtais sacair agus tuilleadh, gach mí.

**Cláracha tosaigh aclaíochta:** ar fáil don uile mhac léinn.

**Oiliúint Phearsanta Folláine:** tá mionchomhairle agus oiliúint oiriúnaithe duit féin ar fáil.

**Clubanna:** Sacar, Cispheil, Curachóireacht, Scuba, Siúl Cnoc, Dreapadóireacht, Badmantan, Rince, Peil Ghaelach, Iomáint, Cosdornáil, Rugbaí, Eitpheil – cuireann siad uile fáilte roimh bhaill nua.



# Saol Mac Léinn

## Student Life

### Aontas na Mac Léinn

Duitse Aontas na Mac Léinn – is ball den Aontas gach mac léinn cláraithe, agus cothaítear rannpháirtíocht ghníomhach ann. Gach bliain toghann na mic léinn 3 oifigeach sabóideach chun gníomhú ar a son. Íoctar tuarastal leis na hoifigigh seo. Toghann gach rang-grúpa Ionadaí Ranga a phléann ceisteanna a bhaineann lena ranganna acadúla féin. Suíonn ionadaithe ó Aontas na Mac Léinn ar an mBord Rialaithe agus ar an gComhairle Acadúil; oibríonn siad ar son na mac léinn uile le foireann acadúil, leasa agus tacaithe na hInstitiúide. Cinntíonn siad go bpléitear go cothrom leis na mic léinn i gcónaí agus oibríonn siad leis an bhfoireann d’fhonn cur le saol na mac léinn ag LYIT ar bhealaí nua. Tá a bhunreacht féin ag Aontas na Mac Léinn ag LYIT agus, le comhaontú ó bhainisteoirí an choláiste, tá sé freagrach as buiséad mór cineachta dá chuid féin. Tá Aontas na Mac Léinn comhcheangailte le USI – Aontas na Mac Léinn in Éirinn.

### Cumainn agus Clubanna Mac Léinn

Forbairt an duine – obair bhuíne a fhoghlaim, saol sóisialta breá a chaitheamh, dul chun cinn a dhéanamh lasmuigh den léachtlan, an saol mór lasmuigh a chuardach – is bealaí fíorthábhachtacha iad seo chun cur le do shaol mar mhac léinn. Mar sin spreagaimid na mic léinn againn chun a bheith páirteach i gcúrsaí spóirt, clubanna, cumainn, comórtais idir-ollscoile agus polaitíocht na mac léinn. Má ghlacann tú páirt i rud éigin atá sultmhar, spreagúil agus dúshlánach, bainfidh tú feidhm as buanna a bhí ceilte ort, agus cothóidh tú cairdeas le daoine a mhairfidh ar feadh do shaoil – sainchailíochtaí iad seo a ghabhann le pearsantacht iomlán mar a lorgaíonn fostóirí.

Creidimid go láidir gur tábhachtach é pearsantacht iomlán an duine a fhorbairt agus saol sóisialta beo éagsúil a chruthú – mar sin tugtar buiséad flaitiúil do chlubanna agus cumainn na mac léinn mar thacú lena gcuid imeachtaí.

Le linn **Freshers’ Week** is féidir leat clárú le hiliomad clubanna, saor in aisce. Seo sampla beag de na clubanna atá ar fáil:

- **Spóirt Uisce:** Clubanna Sub Aqua, Surfáil & Curachóireacht

- **Cultúr:** Rince, Lingo, Cumann Afraiceach
- **Polaitíocht:** Cumann Dlí, LGBT
- **Carthanacht:** Cumann Gaisce, Cumann Naomh Uinseann de Pól
- **Eile:** Club Mótair, Cnocadóireacht, Cumann Karate

Má tá suim nó scil ar leith agat agus ní féidir leat club a oireann duit a aimsiú, is féidir leat do chlub nua féin a bhunú. Is féidir leat do smaoinemh féin a chur ar aghaidh le ceadú, ach aidhm shoiléir a bheith léirithe agat agus deichniúr eile bailithe agat a thiocfadh leat. I gcás go gceadaítear an club nua, tabharfaidh Aontas na Mac Léinn cabhair riaracháin duit agus cúnaimh airgid chun an club a sheoladh.

Ní hamháin go gcothaítear imeachtaí lasmuigh den churaclam – tugtar aitheantas dá leithéid. Tá **Oíche Ghradaim na Mac Léinn** ar ardimeachtaí na bliana i saol na mac léinn. Ócáid ar stíl Oscars le cairpéad dearg í an oíche seo; dinnéar féilteach le feisteas foirmiúil, áit a dtugaimid aitheantas agus onóir do na mic léinn as dul chun cinn a dhéanamh lasmuigh den seomra ranga.



# LEAS MAC LÉINN

## Student welfare & supports

Agus tú ag clárú, tabharfar duit lámhleabhar mac léinn, ina dtugtar eolas ar sheirbhísí taca agus faoi conas maireachtáil agus cruthú go maith sa choláiste. Ar na seirbhísí taca do mhic léinn tá:

**Seirbhís Leighis agus Sláinte:** Tá sé seo saor in aisce do mhic léinn; tá altra lánaimseartha agus lialann laethúil dochtúra.

**Seirbhís comhairliúcháin:** Tá comhairleoir oilte lánaimseartha ar fáil.

**Séiplíneacht:** Tá foireann séiplíneach sa choláiste, ag freastal ar shainchreidimh éagsúla.

**Tacú le cúram leanaí:** Tá naíolann ar champas á bheartú ach ins an idirlinn tá áiteanna ar fáil ag naíolann áitiúil lasmuigh den champas. Féadfaidh Aontas na Mac Léinn deontas i leith na táillí a cheadú.

### Comhairle gairme agus staidéir bhreise:

Gach bliain ritheann an Oifig Gairmeacha sraith imeachtaí d'fhonn cur le deiseanna fostaíochta na gcéimithe againn. Orthusan tá ceardlanna, cúrsaí oiliúna gairme, seimineáir, nuachtlitir agus Aonach Bliantúil Gairme agus Staidéir Iarchéime. Éiríonn thar barr leis an imeacht seo, an t-aonach gairme is mó san Iarthuaisceart. Tagann breis agus 70 fostóir chuige, maraon le soláthraithe oideachais iarchéime, comhlachais ghairmiúla agus eagraíochtaí deonacha. Imeasc na dtaispeántóirí bíonn ainmneacha seanaitheanta mar IBM, Abbotts, Enterprise

Rent a Car, Pramerica, VHI agus Coca Cola. Bíonn comhlachtaí beaga dúchais ann freisin, agus tóir acu ar ár gcéimithe, ag plé le hábhair mar chluichí ríomhaire, taighde eolaíochta agus earraí leictreonacha. Tá seirbhís faisnéise folúntas ar líne ar fáil freisin dár gcuid céimithe. Tá ceangal aige seo le [gradireland.com](http://gradireland.com) – an suíomh folúntas is fairsinge do chéimithe. Tá dlúth-theagmháil freisin leis an Ionad Forbartha Gnó againn, gorlann gnó do thionscnaimh nua gnó a bhaineann leas as na háiseanna cumais agus taighde ag LYIT.

Déanann seirbhís ghairme LYIT suirbhé bliantúil ar na céimithe. Is iad seo a leanas na príomhthorthaí uaidh:

- As na mic léinn a rinne cúrsaí 3 bliana Leibhéal 7, chuaigh 76% ar aghaidh chuig Leibhéal 8 ag LYIT
- Chuaigh 16% de chéimithe Leibhéal 8 ar aghaidh chun staidéar iarchéime a dhéanamh
- Fuair 47% de chéimithe fostaíocht i gCo Dhún na nGall.

**An tAonad Tacaíochta Foghlama:** Cuireann an tAonad Tacaíochta Foghlama comhairle agus cuidiú faoi leith ar fáil do réimse éagsúil mac léinn, ina measc:

- Mic Léinn le Míchumais: Cuirtear tacaíocht shaineolaithe ar fáil do mhic léinn le míchumas fisiceach, céadfaíoch nó il-míchumas nó le deacrachtaí foghlama faoi leith. Bíonn tacaíocht do mhic léinn bunaithe ar mheasúnacht riachtanais, ar shásamh na gcritéir incháilitheachta agus infhaighteacht acmhainní ach is féidir le mic léinn tairbhe a bhaint as tacaíochtaí macasamhail teicneolaíoch oiriúnaitheach, tacaíocht foghlama, tacaíocht scrúdaithe agus tacaíochtaí pearsanta.

- Mic Léinn Lánfhásta (23 bliain d'aois nó níos sine): Fáiltíonn LYIT roimh fhoghlaimoírí lánfhásta agus tá líon na mac léinn níos sine atá i mbun cláir céime ag fás i gcónaí. Cuirimid ar fáil réimse seirbhísí ar mhaithe le cuidiú le mic léinn lánfhásta tús a chur le hardoideachas nó filleadh air, seirbhísí macasamhail comhairle agus eolas ar shaincheisteanna acadúla, pearsanta agus praiticiúla.

- Mic Léinn ó mhionlaigh eitneacha: Cuireann an tAonad Tacaíochta Foghlama fáilte roimh fhiosrúcháin ó mhic léinn ó mhionlaigh eitneacha, a bhfuil tearc-ionadaíochta déanta dóibh, agus tá sé mar aidhm ag LYIT cabhrú leis na mic léinn sin fáil a bheith acu ar ardoideachas.

- Mic Léinn ó theaghlach ar ioncam íseal: Déanann an tAonad Tacaíochta Foghlama a dhícheall cuidiú le teaghlach ar an ghannchuid agus leo siúd nach bhfuil aon traidisiún de staidéar trúú leibhéal ar a gcúl, nó leo siúd ó cheantair ina bhfuil dífhostaíocht ard, sa dóigh go mbeidh fáil acu ar ardoideachas. Tá siad seo a leanas i measc na tacaíochta sin:

